Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1580

4.7.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 66/2024**

**an 15 Márta 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1580]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ([1]), arna cheartú le IO L 231, 6.9.2019, lch. 30, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán (AE) 2019/1148 aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ([2]) atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12zc (Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV:

   '- **32019 R 1148**: Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1), arna cheartú le IO L 231, 6.9.2019, lch. 30.'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 12zzq (Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV:

   '**32019 R 1148**: Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1), , arna cheartú le IO L 231, 6.9.2019, lch. 30.'

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 6 (Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XXIX:

   '**32019 R 1148**: Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1), , arna cheartú le IO L 231, 6.9.2019, lch. 30.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1148, arna cheartú le IO L 231, 6.9.2019, lch. 30, san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 186, 11.7.2019, lch. 1.
([2]) IO L 315, 30.11.2017, lch. 78.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Márta 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Márta 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Nicolas VON LINGEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.